**Leasú 27**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, João Pimenta Lopes, Manu Pineda**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 32 a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***32a. á mheabhrú go bhfuil idir 500 agus 700 leanbh Palaistíneach chomh hóg le 12 bhliain d'aois á gcoinneáil agus á n-ionchúiseamh i gcóras cúirte míleata Iosrael; ag tabhairt dá haire go bhfuil cuid acu á gcoinneáil gan mhuirear, agus go bhfuil muirir á ngearradh ar dhaoine eile amhail caitheamh cloiche; ag cáineadh go láidir an tslua neamhdhleathach agus mímhorálta sin ag Stát Iosrael agus á iarraidh go scaoilfí saor leanaí Palaistíneacha uile ó phríosúin Iosraelacha;*** |

Or. en


Aontaithe san éagsúlacht

21.2.2024 A9-0424/28

**Leasú 28**
**Miguel Urbán Crespo, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 51**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 51. ***á chur i bhfáth go bhfuil ról ag trádáil mar ionstraim shuntasach chun staid chearta an duine a chur chun cinn agus a fheabhsú i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh lena n-áirítear trí Scéim na bhFabhar Ginearálaithe Taraife (GSP+); á thabhairt dá haire, áfach, gur beag feabhas a tháinig, má tháinig feabhas ar bith, i gcuid de na tíortha ábhartha***; á chur in iúl gur saoth léi na héifeachtaí dochracha atá ag gníomhaíochtaí gnó iomarcacha agus dúshaothraithe ar chearta an duine agus ar an daonlathas, agus ag cáineadh na gcorparáidí sin a shaothraíonn acmhainní nádúrtha go neamhdhleathach, agus a mbíonn drochthionchar acu ar theachtadh cearta an duine i bpobail áitiúla; | 51. ***á iarraidh go gcruthófaí cineálacha nua comhair le tíortha nach bhfuil san Aontas ar bhonn forbairt fhrithpháirteach agus caidreamh comhthairbheach lena gcosnaítear leasanna na ndaoine mar ábhar tosaíochta; á mheas go gcuireann comhaontuithe trádála agus cosanta infheistíochta le dáileadh éagothrom an rachmais dhomhanda agus gur minic a bhaineann siad an bonn ón gceartas sóisialta agus eacnamaíoch, chomh maith leis na neamhionannais atá ann cheana a dhoimhniú, rud a fhágann go bhfuil dola trom á bhaint as stáit agus pobail imeallaithe***; á chur in iúl gur saoth léi na héifeachtaí dochracha atá ag gníomhaíochtaí gnó iomarcacha agus dúshaothraithe ar chearta an duine agus ar an daonlathas, agus ag cáineadh na gcorparáidí sin a shaothraíonn acmhainní nádúrtha go neamhdhleathach, agus a mbíonn drochthionchar acu ar theachtadh cearta an duine i bpobail áitiúla; |

Or. en

21.2.2024 A9-0424/29

**Leasú 29**
**Marc Botenga, Miguel Urbán Crespo, João Pimenta Lopes, Manu Pineda, Manon Aubry, Younous Omarjee, Leila Chaibi**
thar ceann Ghrúpa The Left

**Tuarascáil A9-0424/2023**
**Nacho Sánchez Amor**
Cearta an duine agus an daonlathas ar domhan agus beartas an Aontais Eorpaigh i leith an ábhair – tuarascáil bhliantúil 2023
(2023/2118(INI))

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 62**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| 62. á iarraidh go ndéanfadh an tAontas, a Bhallstáit agus an comhphobal idirnáisiúnta dlús a chur láithreach lena n-iarrachtaí deireadh a chur le treocht na nganntanas tromchúiseach bia atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tslándáil bia imithe in olcas mar gheall ar go leor coinbhleachtaí atá ag tarlú ar fud an domhain, lena n-áirítear na coinbhleachtaí atá ann faoi láthair i dtíortha ar onnmhaireoirí móra domhanda iad de tháirgí bia príomhúla, go háirithe gráin, a bhfuil iarmhairtí ollmhóra acu i roinnt limistéar den domhan; ag cáineadh go láidir úsáid nó bagairt neamhdheimhneacht an tsoláthair bia mar ionstraim pholaitiúil cogaidh, chomh maith leis na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le hamhantraíocht ar phraghas an bhia; | 62. á iarraidh go ndéanfadh an tAontas, a Bhallstáit agus an comhphobal idirnáisiúnta dlús a chur láithreach lena n-iarrachtaí deireadh a chur le treocht na nganntanas tromchúiseach bia atá ag teacht chun cinn; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tslándáil bia imithe in olcas mar gheall ar go leor coinbhleachtaí atá ag tarlú ar fud an domhain, lena n-áirítear na coinbhleachtaí atá ann faoi láthair i dtíortha ar onnmhaireoirí móra domhanda iad de tháirgí bia príomhúla, go háirithe gráin, a bhfuil iarmhairtí ollmhóra acu i roinnt limistéar den domhan; ag cáineadh go láidir úsáid nó bagairt neamhdheimhneacht an tsoláthair bia mar ionstraim pholaitiúil cogaidh, chomh maith leis na héifeachtaí díobhálacha a bhaineann le hamhantraíocht ar phraghas an bhia; ***á iarraidh go háirithe go mbeadh sos cogaidh buan agus láithreach ann i Stráice Gaza chun rochtain gan bhriseadh ar bhia agus ar uisce a cheadú dá áitritheoirí uile;*** |

Or. en